C/2024/2070

4.3.2024

Fógra le haghaidh na ndaoine atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2013/184/CBES ón gComhairle agus i Rialachán (AE) 401/2013 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Maenmar/Burma

(C/2024/2070)

Dírítear an fhaisnéis seo a leanas ar Mya Tun Oo (Uimh.20), Than Hlaing (Uimh. 25), Thein Nyunt (Uimh. 27), Khin Maung Swe (Uimh. 28), Aye Nu Sein (Uimh. 29), Jeng Phang Naw Htaung (Uimh. 30), Maung Ha (Uimh. 31), Sai Long Hseng (Uimh. 32), Saw Daniel (Uimh. 33), Dr Banyar Aung Moe (Uimh. 34), Tin Aung San (Uimh. 40), Thet Thet Khine (Uimh 46), Nu Mya Zan (Uimh. 60), Tayza Kyaw (Uimh. 63), Ni Lin Aung (Uimh. 64), Moe Aung (Uimh. 88), Zin Min Htet (Uimh. 91), Kyaw Swar Lin (Uimh. 95), daoine atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2013/184/CBES ón gComhairle [1] agus in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 ón gComhairle [2] a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Maenmar/Burma.

Tá an Chomhairle ag smaoineamh ar na bearta sriantacha a choinneáil ar bun i gcoinne na ndaoine thuasluaite, bunaithe ar ráiteas leasaithe ar chúiseanna. Cuirtear in iúl do na daoine sin, leis seo, go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun an ráiteas leasaithe ar chúiseanna lena n-ainmniú atá beartaithe a fháil, faoin 11 Márta 2024, chuig an seoladh seo a leanas:

Conseil de l'Union européene/Raad van de Europese Unie
Secrétariat Général
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

R-phost: sanctions@consilium.europa.eu

[1] IO L 111, 23.4.2013, lch. 75
[2] IO L 121, 3.5.2013, lch. 1